



**Iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 25 Meán Fómhair
2025 – JK agus AK v Powszechna Kasa Oszczędności Bank Polski S.A.**

(Cás C-630/25, Krywiga) ⁽¹⁾

(C/2026/280)

Teanga an cháis: an Pholainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Sąd Okręgowy w Warszawie

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: JK agus AK

Cosantóir: Powszechna Kasa Oszczędności Bank Polski S.A.

Na ceisteanna a tharchuirtear:

Maidir le comhaontú creidmheasa ráta chomhlúthaigh arna dhéanamh ag banc le tomhaltóir roimh an 1 Eanáir 2018:

- 1) An bhfuil Airteagal 4(2) agus Airteagal 5 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra ⁽²⁾ le léiriú sa chaoi go bhforchuirtear oibleagáid ar an mbanc an méid seo a leanas a chur in iúl don tomhaltóir:
 - a. aithint an eintitis a fhorbraíonn an innéacs tagartha is bun é le ráta úis na hiasachta,
 - b. na rialacha mionsonraithe maidir le modh socraithe an innéacs tagartha is bun é le ráta úis na hiasachta ina n-áirítear, go háirithe, an amhlaidh nach mór don bhanc:
 - ábhar na rialachán ina bhfuil na rialacha sin a sholáthar don tomhaltóir,
 - a chur in iúl don tomhaltóir go ríomhtar an t-innéacs tagartha de bhun dearbhuithe arna dtíolacadh ag grúpa banc, agus ní de bhun idirbhearta iarbhire margaidh?
- 2) An bhfuil Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle le léiriú sa chaoi nach mór a mheas gurb éagórach téarma conartha lena socraítear leibhéal ráta úis na hiasachta i gcás ina n-úsáidtear innéacs tagartha ann:
 - a. a ríomhtar de bhun dearbhuithe arna dtíolacadh ag grúpa banc, agus ní de bhun idirbhearta iarbhire margaidh,
 - b. nach sainítear i reachtaíocht náisiúnta nó an Aontais, ach de réir na rialacha inmheánacha de chuid cumann arna bhunú ag bainc nó fostaithe bainc, fad nach ndéanann aon údarás poiblí maoirseacht ar mhodh forbartha an innéacs;
 - c. nach léirítear leis na costais iarbhire a bhaineann leis an iasacht a mhaoiniú?

⁽¹⁾ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhórainm aon pháirtí sna himeachtaí.

⁽²⁾ IO 1993 L 95, lch. 29.